An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

# Tuarascáil ar an gcomhairliúchán ar Dhréacht-Shonraíocht Ghnó na hArdteistiméireachta

Meitheamh 2024

# An Clár Ábhar


**RÉAMHRÁ** ........ 3

**CUID 1: AN PRÓISEAS COMHAIRLIÚCHÁIN** ........ 5

**Cur chuige modheolaíoch** ........ 5

**Freagraí ar an gcomhairliúchán** ........ 7

**CUID 2: AISEOLAS ÓN GCOMHAIRLIÚCHÁN** ........ 8

**Tuairimí ginearálta faoin tsonraíocht** ........ 8
- Réasúnaíocht agus Aidhmeanna ........ 8
- Fís leathan laistigh de na snáitheanna staidéir ........ 9
- Príomhinniúlachtaí i nGnó na hArdteistiméireachta ........ 9

**Soiléireacht agus Comhleanúnachas** ........ 9
- An Fhoghlaim sa Snáithe Aontach ........ 9
- Foghlaim ar fud na snáitheanna comhthéacsúla ........ 10
- Na téamaí trasghearrtha ........ 12
- Foghlaim a shonrú ag baint úsáid as an gcur chuige dhá cholún ........ 12

**Inbhainistitheacht** ........ 13

**An Chomhpháirt Mheasúnaithe Bhreise** ........ 13

**Tacaíochtaí do chur i bhfeidhm rathúil** ........ 15

**Réimsí aiseolais eile** ........ 16

**CUID 3: ÚDAIR MHACHNAIMH AGUS TÁTAIL** ........ 17

**Údair Mhachnaimh** ........ 17

**Tátal** ........ 18

**TAGAIRTÍ** ........ 19

**AGUISÍN A HAON: LIOSTA NA RANNPHÁIRTITHE** ........ 20

# Réamhrá

Foilsíodh An tAthbhreithniú ar an tSraith Shinsearach: an Tuarascáil Chomhairleach (CNCM 2022) i mí an Mhárta 2022 i ndiaidh na freagartha ón Aire Oideachais, Norma Foley, TD. I measc na ngníomhartha a dtugtar breac-chuntas orthu sa Tuarascáil Chomhairleach, tá athbhreithniú ar chomhpháirteanna den churaclam atá ann cheana – ábhair, modúil agus cláir. I mí an Mhárta 2022, d'iarr an tAire Oideachais ar CNCM tabhairt faoi shraith gníomhartha chun tacú lena fís maidir le sraith shinsearach athfhorbartha a chur i gcrích mar a leagadh amach in Cothromas agus Sármhaitheas do Chách (An Roinn Oideachais, 2022). Príomhghníomh amháin a leagadh amach sa phlean seo ná go n-ullmhófar sceideal d'ábhair agus modúil na sraithe sinsearaí lena n-athfhorbairt agus go gcuirfí faoi bhráid an Aire é lena fhaomhadh.

D'ullmhaigh CNCM sceideal ábhar le hathbhreithniú ina dhiaidh sin, agus eagraíodh na hábhair sin i roinnt tráinsí. Cuirfear athfhorbairt ábhair Thráinse 1 i gcrích in 2024 lena dtabhairt isteach sna scoileanna in 2025. Cuimsítear athfhorbairt na sonraíochta le haghaidh Ghnó na hArdteistiméireachta i dTráinse 1.

Cuireadh dréachtsonraíocht Ghnó na hArdteistiméireachta ar fáil le haghaidh comhairliúchán poiblí náisiúnta ón 2 Feabhra 2024 go dtí an 5 Aibreán 2024. Ba é aidhm an chomhairliúcháin sin tuairimí oscailte agus macánta an phobail a lorg maidir leis an gcuraclam agus socruithe measúnaithe sa dréachtsonraíocht nua do Ghnó na hArdteistiméireachta, agus chun léargais a fháil ar thuairimí ginearálta na rannpháirtithe ar an tsonraíocht.

Mar aon le léargais a fháil ar thuairimí ginearálta, d'fhéach an comhairliúchán le hiniúchadh a dhéanamh ar cheithre réimse leathan fócais:

- Inbhainistitheacht
- Comhleanúnachas agus soiléireacht na sonraíochta chun tacú le pleanáil
- An Chomhpháirt Mheasúnaithe Bhreise (CMB) a thabhairt isteach
- Tacaíochtaí a bhfuil gá leo do chur i bhfeidhm rathúil.

Léiríonn na freagraí a tugadh sa chomhairliúchán go bhfuil dearcadh dearfach ann i leith na sonraíochta ar an iomlán. Dearbhaíodh an Réasúnaíocht agus an Aidhm don Ghnó agus d'fháiltigh rannpháirtithe roimh an mbéim ar shaol comhaimseartha an ghnó. Tugadh suntas don bhéim ar phríomhinniúlachtaí na scoláirí a fhorbairt agus cuireadh fáilte leathan roimh na téamaí trasghearrtha agus breathnaíodh orthu mar dheis mhaith chun gnéithe riachtanacha de dhomhan an ghnó a iniúchadh ar bhealach fiúntach. Cuireadh fáilte fhorleathan roimh an bhfócas ar rannpháirtíocht le fíorshaol an ghnó trí mionstaidéar scoláire ach cuireadh roinnt imní in iúl maidir le hinbhainistitheacht agus maidir le dóthain ama a chinntiú laistigh den 180 uair an chloig chuige sin. Cuireadh fáilte mhór freisin roimh an tairbhe a d'fhéadfaí a bhaint as Comhpháirt Mheasúnaithe Bhreise (CMB) ach léirigh na rannpháirtithe réimse d'ábhair imní a bhaineann le hualú, uainiú agus rochtain ar acmhainní. D'fháiltigh na rannpháirtithe tríd is tríd roimh an tsoiléireacht a cuireadh ar fáil sa teimpléad nua chun ábhair agus modúil na sraithe sinsearaí a

fhorbairt, ach bhí tuairimí measctha acu ar roinnt gnéithe nua d'fhoghlaim an scoláire nach raibh le feiceáil i siollabas 1995.

Tabharfar níos mó eolais ar ghnéithe na dtorthaí ginearálta seo sna coda seo a leanas den tuairisc. Tugtar achoimre i gCuid a hAon ar an bpróiseas comhairliúcháin. Tugtar léargas i gCuid a Dó ar an aiseolas ón gcomhairliúchán agus tá na príomhúdair mhachnaimh agus tátail le fáil i gCuid a Trí.

# Cuid 1: An Próiseas Comhairliúcháin

Is príomhghné de chuid obair CNCM é comhairliúchán, ina n-imríonn an t-aiseolas ón bpobal, scoileanna, suíomhanna, grúpaí sainleasa oideachais agus páirtithe eile tionchar ar chomhairle. Sa chuid seo a leanas, tá cur síos ar an gcur chuige modheolaíochta a úsáideadh le linn an chomhairliúcháin a bhfuil na prionsabail a leagadh síos i Straitéis Taighde (2023) CNCM mar bhunús leis agus tugtar achoimre ann ar an rannpháirtíocht le linn an chomhairliúcháin.

## Cur chuige modheolaíoch

Bhí roinnt modhanna rannpháirtíochta i gceist i rith na tréimhse comhairliúcháin ocht seachtaine le hathbhreithniú a dhéanamh ar Ghnó:

- Suirbhé ar líne
- Aighneachtaí ar líne
- Réimse d'fhócasghrúpaí scoilbhunaithe chun léargais a fháil ó scoláirí, ó thuismitheoirí, ó mhúinteoirí agus ó cheannairí scoile.
- Imeacht comhairliúcháin phoiblí.

Baineadh úsáid as cur chuige féinroghnaithe samplála le haghaidh an tsuirbhé ar líne, aighneachtaí ar líne, agus freastal ar an imeacht comhairliúcháin phoiblí. Ó thaobh na bhfócasghrúpaí scoilbhunaithe de,
roghnaíodh sampla ionadaíoch ón 37 scoil a léirigh spéis i bpáirt a ghlacadh sna forbairtí i gcuraclam Ghnó na hArdteistiméireachta. Roghnaíodh na hocht scoil trí úsáid a bhaint as critéir a bhaineann le stádas DEIS, inscne, méid na scoile, agus an cineál scoile. Bhí na cuairteanna ar na scoileanna sin ar siúl idir Feabhra agus Aibreán 2024 agus bhí cruinnithe fócasghrúpa i gceist le scoláirí na sraithe sinsearaí, múinteoirí Ghnó na hArdteistiméireachta agus ceannairí scoile mar a shonraítear i dTábla 1. Thoiligh scoláirí a bhí 18 mbliana d'aois nó níos sine páirt a ghlacadh sna fócasghrúpaí, agus lorgaíodh toiliú tuismitheora agus aontú scoláirí do rannpháirtithe i gcuairteanna ar scoileanna a bhí faoi bhun 18 mbliana d'aois.

Rinneadh taifeadadh scríofa ar na seisiúin phlé ar fad le linn fócasghrúpaí agus an imeachta comhairliúcháin. Rinneadh na sonraí a bailíodh a anaithnidiú, agus coinníodh na sonraí ar fad ón gcomhairliúchán mar chomhaid dhigiteacha de réir Bheartas Cosanta Sonraí CNCM (2023). Coinníodh príobháideachas na rannpháirtithe ar fad tríd an anaithnidiú, ach amháin sa chás gur thug eagraíocht nó duine aonair cead soiléir go n-ainmneofaí iad mar rannpháirtithe sa chomhairliúchán. Liostaítear in Aguisín a hAon na daoine aonair agus na heagraíochtaí a thoiligh go n-ainmneofaí iad mar rannpháirtithe sa chomhairliúchán.

Baineadh úsáid as cur chuige téamach chun anailísiú a dhéanamh ar aiseolas agus bhí sé frámaithe de réir réimsí leathan fócais sa chomhairliúchán. Chabhraigh sé sin leis na téamaí sna sonraí a bailíodh a aithint agus anailís a dhéanamh orthu. Cuirtear achoimre ar an anailís sin i láthair i gCuid a Dó den tuarascáil seo.

## Freagraí ar an gcomhairliúchán

Bailíodh na freagraí ar fud na modhanna éagsúla rannpháirtíochta lenar cuireadh deiseanna líonmhara ar fáil le haghaidh rannpháirtíocht an phobail. Tugtar léargas i dTábla a hAon thíos ar leibhéil rannpháirtíochta ar fud an chomhairliúcháin.

| Modh comhairliúcháin | Forbhreathnú ar na rannpháirtithe | Líon |
|---|---|---|
| Suirbhé ar líne | Múinteoirí, mac léinn MGO, scoláire 2ú Leibhéal, Tuismitheoir/caomhnóirí, Daoine eile (nach sonraítear) | 70 |
| Aighneacht i scríbhinn | Múinteoirí, eagraíochtaí ionadaíocha ábhair, grúpaí sainleasa gnó, lucht gnó, comhlachtaí comhairleacha rialtais agus gníomhaireachtaí rialtais, roinn rialtais, eagraíochtaí neamhrialtasacha, grúpaí sainleasa comhshaoil, comhlacht ionadaíochta tuismitheoirí | 32 |
| Fócasghrúpa na múinteoirí | Múinteoirí atá ag teagasc siollabas reatha Ghnó na hArdteistiméireachta | 17 |
| Fócasghrúpa na scoláirí | Scoláirí sa chúigiú agus sa séú bliain atá ag déanamh staidéar ar Shiollabas reatha Ghnó na hArdteistiméireachta | 61 |
| Ceannairí scoile | Príomhoidí agus leas-phríomhoidí | 12 |
| Imeacht Comhairliúcháin Phoiblí | Múinteoirí, oideachasóirí tríú leibhéal, grúpaí sainleasa gnó agus gníomhaireachtaí rialtais | 16 |

*Tábla 1: Leibhéil rannpháirtíochta ar fud an chomhairliúcháin*

Déantar iniúchadh sa chéad chuid eile ar an aiseolas a bailíodh i rith an chomhairliúcháin ar fud na modhanna éagsúla comhairliúcháin.

# Cuid 2: Aiseolas ón gcomhairliúchán

Sa chuid seo tá léargas ar an aiseolas a fuarthas le linn an chomhairliúcháin. Rinneadh an t-aiseolas a ghrúpáil sna réimsí seo a leanas:

- Tuairimí ginearálta faoin dréachtsonraíocht
- A inbhainistithe atá an fhoghlaim a leagtar amach laistigh den dréachtsonraíocht
- Comhleanúnachas agus soiléireacht chun tacú le pleanáil don teagasc agus don fhoghlaim
- An Chomhpháirt Mheasúnaithe Bhreise
- Tacaíochtaí atá ag teastáil le go mbeidh cur i bhfeidhm rathúil ann.

Cuirtear réimsí eile i láthair sa chuid seo den tuarascáil freisin nár glacadh comhairle maidir leo ar bhonn díreach, ach a shíl an dream a bhí páirteach sa chomhairliúchán a bheith ábhartha d'fhorbairt agus cur i bhfeidhm Ghnó na hArdteistiméireachta.

## Tuairimí ginearálta faoin tsonraíocht

Fuarthas léargas ón ngné seo den chomhairliúchán ar an Réasúnaíocht agus ar na hAidhmeanna, ar an bhfís leathan laistigh de na Snáitheanna Staidéir agus ar na Príomhinniúlachtaí i nGnó na hArdteistiméireachta.

### Réasúnaíocht agus Aidhmeanna

Measadh go raibh an réasúnaíocht ag leagan amach chuspóir agus luach Ghnó na hArdteistiméireachta mar ábhar do scoláirí le roghnú, agus measadh gur léiriú láidir a bhí ann ar shaol dinimiciúil an ghnó. Cuireadh fáilte roimh an mbéim ar ghnó pearsanta agus litearthacht airgeadais an scoláire, chomh maith leis an mbéim ar réimse inniúlachtaí a fhorbairt a bhaineann le saol an ghnó. Bhí moltaí ann chun athbhreithniú a dhéanamh ar an teanga a úsáideadh d'fhonn í a dhéanamh níos oiriúnaí don scoláire agus níos gonta agus tharraing roinnt rannpháirtithe ábhair imní anuas maidir le tábhacht an ghnó do gheilleagar na hÉireann mar go bhfuil ábhar Eacnamaíochta ar leith ann, bíodh is gur chuir cuid eile fáilte roimh an nasc.

> *The proposed rationale for the Leaving Certificate Business course effectively highlights the importance of understanding business in both local and global contexts. It emphasises the development of students' financial literacy, business acumen, and awareness of the evolving business landscape. The focus on how business impacts society, the economy, and the environment is interesting. Additionally, the fostering of entrepreneurial thinking and competencies for the digital age are important aspects of the rationale* (Aighneacht Scríofa)

Measadh gur léirigh na haidhmeanna, tríd is tríd, an fhoghlaim fhéideartha do scoláirí agus iad ag déanamh staidéar ar Ghnó na hArdteistiméireachta agus gur léirigh siad na téamaí is tábhachtaí sa tsonraíocht agus i nGnó na hArdteistiméireachta ar bhonn níos ginearálta. Cuireadh fáilte roimh an mbéim ar ghnéithe comhaimseartha den ghnó ar nós teicneolaíocht dhigiteach agus cleachtas

gnó inbhuanaithe mar aon leis an mbéim ar scileanna cinnteoireachta a fhorbairt agus an gá atá le gnó a mheas i gcomhthéacsanna áitiúla agus domhanda araon.

### Fís leathan laistigh de na snáitheanna staidéir

Measadh go raibh an ghrafaic forbhreathnaithe ina léiriú físiúil cabhrach ar an gcaoi a dtagann na gnéithe éagsúla d'fhoghlaim an scoláire le chéile. Cuireadh fáilte roimh an mbéim ar an scoláire i gcroílár na foghlama. Mar sin féin, bhí roinnt rannpháirtithe den tuairim go raibh sé seo ag teacht salach ar an 'méid atá á iarraidh' ar an scoláire maidir leis na pleananna níos leithne do chomhpháirteanna measúnaithe ar fud athfhorbairt na sraithe sinsearaí trína bhféadfadh ualú comhpháirteanna 40% cur go mór le strus an scoláire. Tugtar aghaidh air sin tuilleadh san aiseolas ar mheasúnú níos déanaí sa chuid seo. Cuireadh fáilte roimh an insint ina sonraítear na téamaí trasghearrtha agus í ag tacú leis an ngrafaic, ach cheistigh roinnt rannpháirtithe an raibh na téamaí trasghearrtha le feiceáil i ngach toradh foghlama agus d'aithin freagróirí eile go raibh na téamaí curtha san áireamh nuair ba chuí. Cuireadh fáilte, tríd is tríd, roimh rannpháirtíocht le fíorshaol an ghnó a chur san áireamh arís.

### Príomhinniúlachtaí i nGnó na hArdteistiméireachta

Thug na rannpháirtithe sa chomhairliúchán dá naire acmhainn na foghlama a leagtar amach i ndréachtsonraíocht Ghnó na hArdteistiméireachta chun réimse príomhinniúlachtaí an scoláire a chothú, ina measc Smaointeoireacht agus Fadhbanna a Réiteach, agus Foghlaim a Bhainistiú agus Féinbhainistiú, agus A bheith Cruthaitheach. Bhí roinnt rannpháirtithe den tuairim gur cheart go mbeadh Ag Obair le Daoine Eile níos feiceálaí sa tsonraíocht agus shíl daoine eile go raibh baint níos fearr aige seo le cuir chuige sa seomra ranga agus ní i dtorthaí foghlama ar leith.

> *The skills the students will learn in this subject will once again be invaluable from analysing, comparing, contrasting, researching, and referencing. A lot of these skills will come with the project and will be transversal to other subjects too.* (Freagra Suirbhé)

## Soiléireacht agus Comhleanúnachas

Rinneadh iniúchadh ar dhearcthaí maidir le soiléireacht agus comhleanúnachas sa tsonraíocht i rith an chomhairliúcháin trí dhíriú ar na snáitheanna agus na torthaí foghlama. Déantar iniúchadh ar achoimre ar an aiseolas ar na snáitheanna, ar théamaí thrasghearrtha agus ar thorthaí foghlama thíos, sula dtabharfar an cháipéis chun críche le húdair mhachnaimh níos leithne ar shoiléireacht ar fud na sonraíochta agus ar an leagan amach nua a úsáidtear sa teimpléad sonraíochta.

### An Fhoghlaim sa Snáithe Aontach

D'fháiltigh formhór na rannpháirtithe sa chomhairliúchán roimh thabhairt isteach an tSnáithe Aontachta nó bhí sé ag teacht leis an Réasúnaíocht agus leis na hAidhmeanna agus chuir sé bonn ar fáil chun tacú le réimse príomhinniúlachtaí a fhorbairt. Bhí meas tríd is tríd ag rannpháirtithe ar an bhfoghlaim a samhlaíodh sa snáithe agus measadh go raibh sé ábhartha do staidéar a dhéanamh ar Ghnó na hArdteistiméireachta agus do rannpháirtíocht i bhfíorshaol an ghnó agus ag an am céanna réimse inniúlachtaí a thabhairt don scoláire a bhí ábhartha i saol an ghnó agus don saol lasmuigh den scoil araon. D'fháiltigh na rannpháirtithe freisin roimh an bhféidearthacht go

dtacódh an Snáithe Aontach leis an scoláire agus é ag críochnú na Comhpháirte Measúnaithe Breise.

> *I have some reservations about the additional assessment component - especially the 40% weighting - but I see that this unifying strand is necessary to help students develop the skills for the 'project' element.* (Freagra Suirbhé)

Moladh nach raibh an gá atá leis an bhfoghlaim sa Snáithe Aontach a shníomh isteach sna snáitheanna comhthéacsúla soiléir ó insint an tsnáithe, agus go bhféadfaí feabhas a chur air sin. Chomh maith leis sin, mheas roinnt de na rannpháirtithe nach léiríonn ainm an tsnáithe an fhoghlaim taobh istigh de sách maith.

D'aithin na rannpháirtithe an nasc idir an fhoghlaim atá leagtha amach sa Snáithe Aontach agus na scileanna a forbraíodh chun Measúnuithe Rangbhunaithe na sraithe sóisearaí a dhéanamh, ach measadh go raibh sé tábhachtach nach raibh sé intuigthe gur ghá don scoláire Staidéar Gnó na sraithe sóisearaí a dhéanamh chun tabhairt faoi Ghnó na hArdteistiméireachta toisc go dtugann scoláirí faoi go rialta nach bhfuil taithí acu ar staidéar a dhéanamh ar an ngnó roimhe sin. Bhí roinnt moltaí ó mhúinteoirí a lorg soiléireacht níos fearr maidir le hionchais do scoláirí, go háirithe maidir leis an toradh foghlama dírithe ar fhorbairt ceisteanna taighde d'fhonn a chinntiú go bhfanfaidh an fhoghlaim ábhartha agus iomchuí ó thaobh aoise agus céime de.

## Foghlaim ar fud na snáitheanna comhthéacsúla

D'fháiltigh rannpháirtithe sa chomhairliúchán roimh na réimsí leathana foghlama gnó atá leagtha amach ar fud na gceithre shnáithe chomhthéacsúla agus measadh go gcuireann siad deiseanna ar fáil chun réimse príomhinniúlachtaí a fhorbairt, chun cineálacha éagsúla cur chuige teagaisc agus foghlama a chur i bhfeidhm agus chun tacú leis an scoláire forbairt mar chinnteoir eolasach. Mheas go leor rannpháirtithe go raibh an tsonraíocht nua ag tógáil ar láidreachtaí an tsiollabais reatha agus gnéithe de shaol comhaimseartha an ghnó á n-ionchorprú ag an am céanna, agus shonraigh rannpháirtithe go leor go raibh athruithe den sórt sin ag teastáil go géar le fada an lá. Moladh san aiseolas ar fud na modhanna comhairliúcháin gur aithin rannpháirtithe comhleanúnachas ar fud na snáitheanna agus deiseanna chun tógáil ar an bhfoghlaim sa dá bhliain staidéir.

> *The proposed structure of the new Leaving Certificate specification with four contextual strands - Exploring the business environment, Understanding enterprise, Leading in business, and Making informed decisions, along with the unifying strand, Investigating business, provides a comprehensive framework for students to engage with various aspects of business. Each contextual strand seems to cover essential components necessary for a holistic understanding of the business world.* (Aighneacht Scríofa)

Bhí roinnt ábhair imní ann maidir le tagairtí don tírdhreach eacnamaíoch agus bhraith roinnt rannpháirtithe go raibh sé seo clúdaithe sa tsonraíocht Eacnamaíochta, bíodh is gur fháiltigh rannpháirtithe eile roimh na tagairtí eacnamaíocha toisc nárbh fhéidir gnó a mheas ceal feasachta ar an ngeilleagar. Bhí tuairimí an-mheasctha ann maidir le cuid de na réimsí níos nuaí a ndearnadh iniúchadh orthu sa tsonraíocht, lena n-áirítear mapáil páirtithe leasmhara, cultúr eagraíochtúil, gnéithe Comhshaoil, Sóisialta agus Rialachais (ESG), samhlacha gnó, folláine chorparáideach agus cuid de na huirlisí anailíseacha a ndearnadh iniúchadh orthu. I gcásanna áirithe, mheas múinteoirí

nach raibh siad seo oiriúnach ó thaobh aoise agus céime de agus mhol siad go raibh siad níos oiriúnaí don tríú leibhéal mar go raibh staidéar déanta acu ar na hábhair seo iad féin san ardoideachas. D'fháiltigh freagróirí eile roimh ghnéithe ábhartha a thabhairt isteach agus iad ag cuimsiú na n-athruithe a bhí ag teastáil i nGnó na hArdteistiméireachta agus ag cur in iúl freisin go raibh gá le FGL chun na gnéithe níos nuaí de na torthaí foghlama a fhiosrú chun tacú le múinteoirí agus iad ag pleanáil don teagasc agus don fhoghlaim. Bhí líon beag rannpháirtithe den tuairim go raibh deis ann chun topaicí breise a thabhairt isteach ar nós fócas níos leithne ar theicneolaíocht an airgeadais agus níos mó fócais ar réimsí ar nós inbhuanaitheachta, infheistíochta, caipitleachais, agus domhandú.

*I feel uncertain about some of the new terminology. Some of it I didn't do in college. But some of it I have heard people say is what you do in college so is that suitable?. I'd need support with it and also need to consider how it would work for ordinary level students* (Fócasghrúpa na Múinteoirí)

Pléadh an t-athrú chun tuiscint a fháil ar thionchar an bheartais agus na reachtaíochta go mór freisin. D'fháiltigh rannpháirtithe go leor roimh an aistriú i dtreo na béime sin ar thuiscint agus bhí imní ar dhaoine eile go mbeadh eolas mionsonraithe ar an reachtaíocht ar leith ag teastáil fós ó mheasúnú seachtrach, mar is amhlaidh faoi láthair. Thug rannpháirtíocht duine le duine sa chomhairliúchán deiseanna leis an gceist sin a fhiosrú tuilleadh agus sna teagmhálacha seo b'fhearr le formhór na múinteoirí an cur chuige a úsáideadh sa tsonraíocht, dearcadh a bhí comhroinnte ag gach scoláire mar gur shíl siad freisin go raibh an cur chuige seo níos ábhartha dá saol laethúil agus níos úsáidí ná sonraí dlí nó Achta ar leith a fhoghlaim. Moladh go bhféadfaí roinnt treorach breise a chur sa cholún ar chlé chun tuilleadh soiléireachta a thabhairt ina leith seo agus chun tacú le múinteoirí pleanáil a dhéanamh don teagasc agus don fhoghlaim i bhfianaise an athraithe fócais seo.

*I like this new approach to the legislation- I don't like learning off the laws, it is boring, and you can google them anyway. I want to know what it means for me and my life, that's what is important..* (Fócasghrúpa na Scoláirí)

Bhí roinnt plé ann maidir le hinrochtaineacht na foghlama do gach scoláire. D'fháiltigh roinnt rannpháirtithe roimh an deis do gach scoláire rochtain a fháil ar an bhfoghlaim ar fad sa tsonraíocht ach léirigh daoine eile go raibh gá le ceisteanna oiriúnacha lena chinntiú go n-éireodh le scoláirí ag an ngnáthleibhéal sa scrúdú deiridh. Measadh go bhféadfadh na topaicí níos nuaí sa tsonraíocht, a luadh roimhe seo, a bheith dúshlánach do roinnt scoláirí agus arís moladh go bhféadfadh FGL tacaíocht a chur ar fáil sa réimse seo ionas go bhféadfadh múinteoirí a bheith muiníneach go bhfuil siad ag plé leis na topaicí seo ag leibhéal atá oiriúnach ó thaobh aoise agus céime de.

Bhí dearcthaí measctha ag rannpháirtithe sa chomhairliúchán ar an ord ina bhfuil na snáitheanna leagtha amach sa tsonraíocht. D'admhaigh a bhformhór go bhféadfaidís tosú in aon cheann de na ceithre shnáithe chomhthéacsúla agus shíl daoine eile go mbeadh tionchar ag an seicheamh intuigthe sa tsonraíocht ar a bpleanáil. I measc an ghrúpa sin, bhraith cuid acu go gcuirfeadh Snáithe a hAon bonn maith ar fáil chun tuiscint a fháil ar na tosca a théann i bhfeidhm ar fhorbairt ghnó agus ar thomhaltóirí agus bhí cuid eile den tuairim go mbeadh sé níos fearr ag an scoláire eispéireas a fháil ar an bhfoghlaim seo tar éis cuid den fhoghlaim eile i Sraith a Dó go háirithe.

Bhí díospóireacht go leor ann ar Shraith a Ceathair, Cinntí Eolasacha a Dhéanamh, i rith an chomhairliúcháin le tuairimí éagsúla ar an bhfoghlaim atá leagtha amach. Dúirt roinnt rannpháirtithe go raibh an fhoghlaim seo riachtanach do scoláirí; mhol cuid eile nár cheart go mbeadh an fhoghlaim seo mar fhreagracht ar an múinteoir Gnó amháin agus bhí roinnt rannpháirtithe ann a mheas nár fhoghlaim chuí í do scoláirí Ghnó na hArdteistiméireachta agus gur cheart do gach scoláire taithí a fháil ar an bhfoghlaim seo níos luaithe ina saol scoile. Mhol roinnt rannpháirtithe gur cheart gnéithe den fhoghlaim a bhaineann le litearthacht airgeadais a choinneáil, ach gur cheart machnamh a dhéanamh ar a chinntiú gur cheadaigh an fhoghlaim seo dul ar aghaidh ón tsraith shóisearach agus go raibh sé oiriúnach ó thaobh aoise agus céime de don tsraith shinsearach.

*Strand 4 goes completely off topic on the subject of Business. It is mainly concerned with Personal Finance (which many schools, including ours, does as a separate discipline in TY). It does not fit within the context of the subject and goes off in tangents in several areas. It is not appropriate.* (Aighneacht Scríofa)

*The learning in Strand Four is vital for students, this is absolutely necessary in today's world. We can't assume that this learning will be taken care of.* (Fócasghrúpa Réigiúnach)

## Na téamaí trasghearrtha

Chuir rannpháirtithe sa chomhairliúchán fáilte ar an mórgóir roimh na téamaí trasghearrtha agus measadh gur mhodh oiriúnach iad chun na gnéithe sin de shaol comhaimseartha an ghnó a chomhtháthú. D'admhaigh formhór na rannpháirtithe go raibh na téamaí fite go cuí sna torthaí foghlama agus luaigh siad go dtacódh sé seo le pleanáil múinteoirí. Moladh freisin go bhféadfadh an FGL múinteoirí a chur ar a suaimhneas go raibh na téamaí leabaithe cheana féin sna torthaí foghlama nuair is cuí agus ábhartha, agus go bhféadfadh múinteoirí pleanáil a dhéanamh ag baint úsáid as na torthaí foghlama, agus iad muiníneach go raibh na téamaí trasghearrtha á leabú acu. Measadh go raibh téamaí an chlaochlaithe dhigitigh agus na heitice agus na hinbhuanaitheachta fite go soiléir i ngach snáithe agus mheas na rannpháirtithe nach raibh an meon fiontraíoch, agus an litearthacht ghnó agus airgeadais chomh hinfheicthe céanna ach d'admhaigh siad gur forbraíodh iad trí ghnéithe ar leith sa Snáithe Aontach, i Snáithe a Dó, agus i Snáithe a Ceathair i gcás na litearthachta airgeadais go háirithe. Bhí líon beag iarratas ar fhócas níos mó ar inbhuanaitheacht, lena n-áirítear neodracht carbóin  agus an gá le gnó a iniúchadh trí lionsa an éagothroime dhomhanda.

*I really like the idea of the cross-cutting themes and all four will really add to a student's experience and preparation for life after school. These are probably the more interesting areas in any study of business, so it is great to see them being placed front and centre.* (Aighneacht Scríofa)

## Foghlaim a shonrú ag baint úsáid as an gcur chuige dhá cholún

Cuireadh fáilte tríd is tríd roimh an gcur chuige nua chun foghlaim na scoláirí a leagan amach trí úsáid a bhaint as an dá cholún agus mhothaigh formhór na rannpháirtithe ar múinteoirí iad gur thug sé seo soiléireacht agus paraiméadair níos fearr, rud ar cuireadh fáilte roimhe. I gcásanna go leor, shonraigh múinteoirí go raibh an leibhéal na mionsonraí i bhfad níos mó ná an leibhéal atá

curtha ar fáil sa siollabas reatha agus gur tugadh tacaíocht bhreise dó sin trí na téarmaí atá leagtha amach sa ghluais.

> *I definitely welcome the layout. The two columns are much clearer than junior cycle and even provide more detail than the current Leaving Certificate Business syllabus..* (Fócasghrúpa na Múinteoirí)

Moladh sna teagmhálacha duine le duine i rith an chomhairliúcháin freisin go mbeadh roinnt ama ag teastáil ó mhúinteoirí chun dul i dtaithí ar úsáid an dá cholún agus mhol siad go gcuirfí é seo san áireamh in FGL. I gcásanna áirithe, moladh go dteastaíonn soiléireacht bhreise do líon beag torthaí foghlama inar iarradh tuilleadh sonraí sa cholún ar thaobh na láimhe clé.

## Inbhainistitheacht

Léirigh líon suntasach rannpháirtithe sa chomhairliúchán imní maidir le hinbhainistitheacht na foghlama a leagtar amach nuair a chuirtear le chéile iad leis an am a theastaíonn chun an Chomhpháirt Mheasúnaithe Bhreise (CMB) a chur i gcrích. Mar sin féin, ní raibh aon comhthoil i measc na rannpháirtithe maidir leis na réimsí ba cheart a bheachtú chun tacú le hinbhainistitheacht, agus chreid siad siúd a cheistigh na réimsí foghlama níos nuaí a luaitear sa chuid roimhe seo go bhféadfaí iad seo a bhaint, agus mhol daoine eile a cheistigh oiriúnacht dháileadh na foghlama i Snáithe a Ceathair gur réimse é seo a bhféadfaí athbhreithniú a dhéanamh air.

> *There appears to be far too much to cover in 2 years. Very little has been removed but a lot has been added. This would be an excellent specification for 3 years but will be incredibly difficult to cover in 2 years. My concern is that this will place excessive pressure on teachers and students.* (Freagra Suirbhé)

Chuir na rannpháirtithe fáilte mhór roimh thabhairt isteach na dtorthaí foghlama a dhíríonn ar an bhfoghlaim a chur i bhfeidhm ar ailt agus tuarascálacha gnó fíorshaoil sna meáin. Mothaíodh go dteastódh roinnt ama chun acmhainn an scoláire a thógáil ina leith seo, ach gur iarracht ar fiú é toisc go gcabhródh sé leis an Réasúnaíocht agus an Aidhm a bhaint amach agus ag an am céanna go dtacódh sé le scoláirí oibriú i dtreo a gComhpháirt Measúnaithe Breise.

Ba léir freisin ón díospóireacht le linn na dteagmhálacha duine le duine i rith an chomhairliúcháin go raibh an briathar gnímh a úsáideadh sna torthaí foghlama ina phríomhghné san am a theastódh chun dul i ngleic leis an bhfoghlaim a leagadh amach i ngach snáithe agus go gcaithfí é seo a mheas agus i rith na pleanála don teagasc agus don fhoghlaim.

## An Chomhpháirt Mheasúnaithe Bhreise

Cuireadh fáilte go pointe áirithe roimh thabhairt isteach na Comhpháirte Measúnaithe Breise (CMB) i nGnó na hArdteistiméireachta agus luaigh na rannpháirtithe gur thug sé an t-ábhar ar aon dul le hábhair eile ina raibh deis ag scoláirí cuid den mheasúnú deiridh a chríochnú roimh an tréimhse scrúdaithe thraidisiúnta i mí an Mheithimh. Cuireadh fáilte freisin roimh an deis réimse níos leithne inniúlachtaí a mheas ná na hinniúlachtaí a ndéantar scrúdú orthu go traidisiúnta sa scrúdú deiridh.

> *A great change but I think it is a lot to do in 20 hours. More time would be needed. I think it would be good to give this to students in year one, so they have more time*

> *to work on it outside of 6th year when they are also being assessed in the written exam.* (Freagra Suirbhé)

Pléadh leagan amach na comhpháirte go mór i rith an chomhairliúcháin. Admhaíodh gur thug sé deis do scoláirí scileanna a forbraíodh sa tsraith shóisearach a fhorbairt tuilleadh agus cur leo, scileanna taighde, anailíse agus meastóireachta ina measc. Mar sin féin, léirigh roinnt rannpháirtithe díomá le leagan amach na comhpháirte toisc gur chreid siad gur cheart go mbeadh deis ag scoláirí a gcuid torthaí a léiriú i gcur i láthair taifeadta nó trí agallamh ina mbeadh deis acu a gcuid torthaí a phlé. Mhol roinnt rannpháirtithe freisin gur cheart go mbeadh ról níos mó ag an bhFillteán Imscrúdaithe a mholtar sa chuid ar Theagasc agus ar Fhoghlaim in CMB, agus go mbeadh níos mó measa ag múinteoirí agus ag scoláirí araon air ansin.
Bhí ábhair imní suntasach ann maidir le hualú 40%, le go leor scoláirí agus formhór na múinteoirí agus na dtuismitheoirí ag iarraidh ualú níos ísle do CMB.

> *I do like the idea of the AAC and being able to have marks in advance. I like the idea of doing research on something that interests me. But I would be worried that the 40% would be a lot and that it might be stressful with lots of these to do..* (Fócasghrúpa na Scoláirí)

Bhí ábhair imní ann freisin nasctha le saincheist an ualaithe agus an leithdháileadh ama a moladh don chomhpháirt. Chuir na rannpháirtithe ábhair imní shuntasach in iúl maidir le hinbhainistitheacht agus thug siad le fios go mbeadh brú mór i gceist leis an leithdháileadh 20 uair an chloig do mhúinteoirí agus do scoláirí araon, a bheadh níos mó arís i scoileanna a bhfuil rochtain réasúnta teoranta acu ar acmhainní digiteacha. Rinneadh comparáidí freisin le comhpháirteanna atá ann cheana amhail an chomhpháirt in Eacnamaíocht ina bhfuil uasmhéid 20% ar fáil don Staidéar Taighde a mbíonn 20 uair an chloig ag teastáil uaidh.

> *Having completed project work, worth only 20%, with groups of LC Economics students I would argue that 20 hours is nowhere near the time required to complete the AAC. Particularly true given the wide range of aptitudes in any class group. Kids could spend hours upon hours just trying to generate an idea for the AAC.* (Freagra Suirbhé)

D'iarr rannpháirtithe sa chomhairliúchán go gcuirfí tuilleadh eolais faoin gcomhpháirt san áireamh sa tsonraíocht deiridh agus go raibh gá le hamlínte níos soiléire agus le heolas níos mionsonraithe ar an treoir, ar an obair a bhí i gceist do scoláirí chun an staidéar a chríochnú agus ar ról an mhúinteora. Bhraith go leor daoine go raibh sé deacair freagra a thabhairt ar na ceisteanna comhairliúcháin maidir leis an gComhpháirt Mheasúnaithe Bhreise ceal faisnéis den sórt sin, agus go raibh an chuid seo den tsonraíocht ró-dhoiléir. Sonraíodh go mbeadh treoirlínte chun tacú leis an gcomhpháirt ina gcuidiú, ach go raibh sé fós tábhachtach go mbeadh dóthain sonraí sa tsonraíocht. Leag freagraí i ngach modh comhairliúcháin béim freisin ar an ngá atá le réimse ábhar tacaíochta breise atá mionsonraithe sa chéad chuid eile.

Measadh go raibh dul chun cinn sa teicneolaíocht agus san Intleacht Shaorga (IS) go háirithe ina ndúshláin do CMB agus ábhair imní shuntasach ann go bhféadfadh scoláirí úsáid a bhaint as IS nó teicneolaíochtaí comhchosúla chun cuid den chomhpháirt nó an chomhpháirt ar fad a chur i gcrích. Bhí ábhair imní shuntasach ann freisin maidir le cothromas mar gur mheas roinnt rannpháirtithe go mbeadh rochtain ag scoláirí ar chéimeanna éagsúla tacaíochta agus chuir múinteoirí imní in iúl freisin faoina ról maidir le hobair scoláirí a fhíordheimhniú i ré na hintleachta saorga agus na dteicneolaíochtaí comhchosúla.

## Tacaíochtaí do chur i bhfeidhm rathúil

Labhair gach rannpháirtí ar an ngá le tacaíocht shuntasach ionas go dtabharfar isteach é go rathúil. Tháinig siad seo, a bheag nó a mhór, faoi thrí chatagóir – tacaíochtaí ó thaobh acmhainní amhail páipéir shamplacha agus treoracha, tacaíochtaí Forbartha Gairmiúla Leanúnaí, agus saincheisteanna acmhainní níos leithne.

Maidir le páipéir shamplacha agus treoracha, d'iarr rannpháirtithe i ngach modh comhairliúcháin go gcuirfí iad ar fáil sula dtabharfaí an tsonraíocht nua isteach. Ar na tacaíochtaí measúnaithe a measadh a bheith riachtanach bhí páipéir shamplacha agus scéimeanna marcála le haghaidh Ardleibhéil agus Gnáthleibhéil araon, treoracha samplacha do Chomhpháirteanna Measúnaithe Breise agus teimpléid le scéimeanna marcála, treoirlínte a ghabhann leo, chomh maith le hiarratais ar shamplaí de CMBanna ag gach leibhéal. I dteagmhálacha duine le duine, tugadh le fios i ndíospóireachtaí gur cheart do na treoirlínte tacaíocht a chur ar fáil do mhúinteoirí agus do scoláirí araon agus go mbeadh ceisteanna leideanna agus machnaimh chun tacú le scoláirí an-úsáideach. Maidir le samplaí de CMBanna, d'admhaigh na rannpháirtithe go mbeadh soláthar samplaí d'obair scoláirí cosúil leis an sampla a chuirtear ar fáil do MRBanna dúshlánach mar gheall gur samplaí barántúla iad seo ó sheomraí ranga atá ag cleachtadh a bhailítear le linn na scoilbhliana, ach go ndéanfar measúnú seachtrach ar CMB.

> *We need CPD that supports collaboration. For Economics they had support groups where you could link with colleagues to share and ask questions. We need cluster days to meet other teachers but these need to be face-to-face. Online doesn't work in the same way for people. And CPD needs to focus on what is important and give us time to understand it – things like the new learning outcomes structure are really important.* (Fócasghrúpa na Múinteoirí)

Maidir le tacaíochtaí Forbartha Gairmiúla Leanúnaí (FGL), d'iarr múinteoirí a bhí rannpháirteach sa chomhairliúchán go leor deiseanna FGL ina mbeadh an príomhsholáthar FGL déanta ar bhonn duine le duine chun tacú le líonrú le comhghleacaithe. Moladh gur cheart do FGL díriú ar thacaíocht a thabhairt do mhúinteoirí agus iad ag pleanáil agus ag múineadh na sonraíochta nua agus gnéithe níos nuaí den chúrsa nua a mheas, an cur chuige nua maidir le foghlaim an scoláire a shonrú sa dá cholún agus na hinniúlachtaí atá riachtanach do CMB a fhorbairt. D'iarr múinteoirí atá ag obair trí mheán na Gaeilge go gcuirfí a FGL ar fáil ag an am céanna le FGL a chuirtear ar fáil do scoileanna Béarla agus go mbeadh acmhainní a forbraíodh chun tacú leis an tsonraíocht nua ar fáil go comhuaineach i nGaeilge agus i mBéarla.

> *We need CPD that supports collaboration. For Economics they had support groups where you could link with colleagues to share and ask questions. We need cluster days to meet other teachers but these need to be face-to-face. Online doesn't work in the same way for people. And CPD needs to focus on what is important and give us time to understand it – things like the new learning outcomes structure are really important.* (Fócasghrúpa na Múinteoirí)

Dhírigh an ghné dheiridh a sainaithníodh do chur i bhfeidhm rathúil ar shaincheisteanna acmhainní níos leithne i scoileanna. Ba é an príomhréimse fócais ná rochtain ar TF, agus ba léir go raibh leibhéil éagsúla rochtana ag scoileanna ar ghléasanna ag brath ar bheartas aonair TF na scoile agus

ar a gcumas infheistíocht a dhéanamh i ngléasanna agus luasanna rochtana idirlín, agus iad a chothabháil. Chuir múinteoirí ábhair imní in iúl gur chuir críochnú Measúnuithe Rangbhunaithe sa tsraith shóisearach éilimh ar rochtain TF cheana féin agus go méadódh tabhairt isteach Comhpháirteanna Measúnaithe Breise an t-éileamh sin.

> *We wish to highlight a concern regarding the potential exacerbation of the digital divide. With the inclusion of seven subjects, each requiring a separate project, in 6th year, there is a risk of widening disparities between schools equipped with one-to-one device programs and those reliant on shared devices [...] We urge careful consideration of strategies to mitigate this divide, ensuring equitable access to resources and support for all students, regardless of their school's technological infrastructure.* (Aighneacht Scríofa)

## Réimsí aiseolais eile

Phléigh na rannpháirtithe sa chomhairliúchán an scrúdú deiridh chomh maith agus bhí mian láidir, idir mhúinteoirí agus scoláirí, ar rogha an scoláire sa scrúdú agus ar mheascán de cheisteanna gearra agus fada. Bhí díospóireacht ann freisin faoin gCeist ar Ghnó Feidhmeach atá ina ceist éigeantach ar an bpáipéar Ardleibhéil faoi láthair agus roinnt rannpháirtithe ag súil go gcoinneofaí é sin agus cuid eile den tuairim gur cheart an Chomhpháirt Mheasúnaithe Bhreise a chur ina áit nó ar a laghad go mbeadh sé níos fiúntaí ó thaobh an spreagthaigh a úsáidtear.

Dhírigh rannpháirtithe sa chomhairliúchán ní hamháin ar athfhorbairt Ghnó na hArdteistiméireachta, ach freisin ar athfhorbairt níos leithne na sraithe sinsearaí agus ábhair imní curtha in iúl faoin tionchar diúltach féideartha ar fholláine scoláirí. Bhí imní shuntasach ann nuair a bheadh gach ábhar nuashonraithe, go mbeadh drochthionchar ag an ualach oibre ar scoláirí, ó thaobh Comhpháirteanna Measúnaithe Breise ar scoláirí trí strus a mhéadú sa 5ú bliain agus sa 6ú bliain araon agus go raibh imní ann go mbeadh tionchar suntasach ar shocrú amchláir i dtéarmaí rochtana ar TF, gníomhaíochtaí seach-churaclaim agus acmhainní.

# Cuid 3: Údair Mhachnaimh agus Tátail

## Údair Mhachnaimh

Ar an iomlán, glacadh go hiontach maith le dréachtsonraíocht Ghnó na hArdteistiméireachta agus bhain an comhairliúchán a chuspóir amach maidir le tús a chur le cur agus cúiteamh ar ghnéithe lárnacha de cheapadh an ábhair athfhorbartha. Fuarthas aiseolas ón gcomhairliúchán a thug treoir agus comhairle don Mheitheal Forbartha agus an tsonraíocht do Ghnó na hArdteistiméireachta á tabhairt chun críche.

Ar na saincheisteanna a tarraingíodh anuas lena mbreithniú sa chomhthéacs sin, tá:

- An riachtanas maidir le soiléireacht i dtaobh na féidearthachta go ndéanfadh scoláirí staidéar ar Ghnó na Ardteistiméireachta 'ab initio' ionas nach ndíspreagtar scoláirí ó Ghnó na hArdteistiméireachta a roghnú mar ábhar sa tsraith shinsearach.
- An gá le hathbhreithniú a dhéanamh ar ábhair nó ar ghnéithe níos nuaí d'fhoghlaim na scoláirí thar na torthaí foghlama éagsúla lena chinntiú go bhfuil siad ábhartha don aois agus don chéim foghlama seo; go bhfuil deis agus dúshlán ann do gach scoláire; agus go dtugann na torthaí foghlama agus an ghluais soiléireacht dhóthanach do mhúinteoirí maidir leis na réimsí foghlama níos nuaí seo.
- An gá le hathbhreithniú agus machnamh a dhéanamh ar a inbhainistithe is atá an fhoghlaim atá leagtha amach laistigh den 180 uair an chloig i bhfianaise thabhairt isteach na Comhpháirte Measúnaithe Breise.
- An chaoi lena chinntiú go ndéantar an fhoghlaim atá leagtha amach sa Snáithe Aontach a chomhtháthú ar fud fhoghlaim an scoláire sa dá bhliain den tsraith shinsearach agus go bhfuil sé sin soiléir laistigh den tsonraíocht.
- An t-iarratas ar tuilleadh soiléireachta a chur ar fáil do líon beag torthaí foghlama sa tsonraíocht inar measadh go bhféadfadh na paraiméadair a bheith níos soiléire sa cholún ar chlé.
- An gá atá ann le machnamh a dhéanamh ar an bhfoghlaim a bhaineann leis an ngeilleagar atá leagtha amach sa tsonraíocht lena chinntiú nach bhfuil bhfuil trasnáil iomarcach ann le hábhar na hEacnamaíochta, ach go ndéantar soláthar ann do thuiscint chomhthéacsúil ar an idirghníomhú tábhachtach idir comhthéacs eacnamaíoch na hÉireann agus saol an ghnó.
- Machnamh a dhéanamh ar na dearcthaí éagsúla ar fhoghlaim an scoláire atá leagtha amach i Sraith a Ceathair: Cinntí Eolasacha a Dhéanamh chun cinneadh a dhéanamh ar an bhfoghlaim is ábhartha do scoláire Ghnó na hArdteistiméireachta, agus deiseanna a chinntiú ag an am céanna chun tógáil ar réamhfhoghlaim an scoláire sa réimse seo.
- Níos mó soiléireachta maidir leis an CMB, lena n-áirítear an 20 uair an chloig a shanntar chun an chomhpháirt a chur i gcrích, uainiú d'eisiúint na treorach, leagan amach na

comhpháirte, ról an Fhillteáin Imscrúdaithe agus níos mó soiléireachta maidir le hionchais an scoláire agus an chomhpháirt á cur i gcrích.

Leag an t-aiseolas a bailíodh i rith an chomhairliúcháin phoiblí seo béim ar roinnt saincheisteanna atá ina saincheisteanna córasacha níos leithne a bhaineann le hathfhorbairt na sraithe sinsearaí. Áiríodh orthu sin ábhair imní shuntasacha maidir le folláine scoláirí agus leibhéil fhéideartha struis agus brú trí CMBanna a thabhairt isteach i ngach ábhar mar chuid d'athfhorbairt na sraithe sinsearaí mar aon le hábhair imní fhorleathana faoi rochtain ar acmhainní (agus acmhainní digiteacha go háirithe) i scoileanna nuair a bhíonn scoláirí ag críochnú a CMB.

Maidir le cur i bhfeidhm, bhí soláthar tacaíochtaí tráthúla ina théama uileghabhálach láidir sa chomhairliúchán le hiarratas ar rochtain thráthúil agus chothrom ar thacaíochtaí éifeachtacha Forbartha Gairmiúla Leanúnaí ar cheart a bheith déanta ar bhonn duine le duine agus a thugann aghaidh ar riachtanais na múinteoirí chun tuiscint a fháil ar an méid a theastaíonn uathu faoi athfhorbairt na sraithe sinsearaí agus faoi athfhorbairt ábhar ar leith.

## Tátal

Bhí an próiseas comhairliúcháin thar a bheith eolasach agus aithnítear rannpháirtíocht iad siúd a ghlac páirt sa comhairliúchán. Gabhann CNCM buíochas as an aiseolas oscailte, macánta, tiomanta, bunaithe ar thaithí agus sainiúil a fuarthas. Léirítear san aiseolas ar an gcomhairliúchán go bhfuil tuairimí dearfacha ann ar an dréachtsonraíocht, ach admhaítear freisin go mbeidh gá le hathbhreithniú agus athmhachnamh a dhéanamh ar ghnéithe ar leith. Tá soláthar tacaíochtaí agus acmhainní foghlama gairmiúla éifeachtacha, chomh maith le soiléireacht agus tacaíocht bhreise maidir le measúnú, bunúsach freisin do chur i bhfeidhm rathúil.

Aithnítear leibhéal mór ionchur ó mhúinteoirí agus scoláirí agus léiríonn an freagairt dhearfach ó mhúinteoirí dóchas faoin deis atá ann athbheochan a dhéanamh ar an bhfoghlaim i nGnó na hArdteistiméireachta, ós rud é nach ndearnadh aon athruithe fiúntacha uirthi le blianta fada anuas fad is atá athrú suntasach tagtha ar shaol an ghnó agus ar an tírdhreach gnó ó shin.

# Tagairtí

An Roinn Oideachais (2022) *Fógraíonn an tAire Foley plean le haghaidh athchóiriú oideachas na Sraithe Sinsearaí - Cothromas agus Sármhaitheas do Chách* ar fáil https://www.gov.ie/ga/preasraitis/fograionn-an-taire-foley-plean-le-haghaidh-athchoiriu-oideachas-na-sraithe-sinsearai-cothromas-agus-sarmhaitheas-do-chach/? [arna rochtain ar an 2 Bealtaine 2024]

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, CNCM. (2023) *Beartas Cosanta Sonraí*, Baile Átha Cliath, CNCM [ar líne] ar fáil https://ncca.ie/media/dj4fyqfx/ncca-data-protection-policy_2023.pdf [arna rochtain ar an 3 Feabhra 2024]

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, CNCM. (2023) *Straitéis Taighde*, Baile Átha Cliath, CNCM [ar líne] ar fáil https://ncca.ie/ga/resources/straiteis-taighde-2023-2026/ [arna rochtain ar an 3 Bealtaine 2024]

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, CNCM. (2022) Tuarascáil Chomhairleach na Sraithe Sinsearaí, Baile Átha Cliath, CNCM [ar líne] ar fáil ar https://ncca.ie/media/5399/scr-advisory-report_en.pdf
[arna rochtain ar an 2 Bealtaine 2024]

## Aguisín a hAon: Liosta na Rannpháirtithe

Léiríonn an liosta seo a leanas na daoine aonair agus na heagraíochtaí a thoiligh go n-ainmneofaí iad mar rannpháirtithe sa chomhairliúchán tríd an suirbhé nó tríd an aighneacht ar líne:

- Aoife Barry
- Brian McKee
- Rannóg Gnó Choláiste na Trócaire, An Ghráig
- Cumann Múinteoirí Staidéar Gnó na hÉireann (Craobh na Gaillimhe)
- Cumann Múinteoirí Staidéar Gnó na hÉireann [aighneachtaí éagsúla]
- Pobalscoil Charn Domhnach
- Catherine Barrett
- Scoil na hOllscoile Caitlicí
- An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí
- Coláiste na mBráithre Críostaí
- CMCO
- Coláiste Iosaef
- Coláiste Muire, An Cóbh
- Clochar na Trócaire, Ros Comáin
- Cooney
- Coláiste De La Salle, Baile an Teampaill
- An Roinn Fiontar, Trádála agus Earcaíochta
- Elaine O' Sullivan
- Pobalscoil Ghailinne, An Féar Bán
- Scoil Idirmheánach, Cill Orglan
- Cumann Forbartha Oideachas na hÉireann (IDEA)
- Institiúid Cánachais na hÉireann
- James Doyle, Coláiste Naomh Aindriú agus An Scoil Oideachais, an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath
- Jennie Diver
- Joseph O'Callaghan Consultancy
- Just Forests
- M Mc Hale
- Mary Barry
- Mary Quill
- Coláiste Pobail Mhungairit
- Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí

- Noel Sheridan, Meánscoil na mBráithre Críostaí Naomh Aodhán, An Halla Bán, Baile Átha Cliath 9
- Patrick O Flaherty, Coláiste Iognaid
- Coláiste na Toirbhirte, Baile Átha an Rí
- Meánscoil an Chroí Naofa
- Sandra Devlin
- Scoil Mhuire, Bun Cranncha, Co. Dhún na nGall, Éire
- Sharon Hughes
- Sinéad Grifin
- Trisha
- Worldwise Global Schools

NCCA

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment